

SEANAD ÉIREANN

**MODIFICATIONS IN EFFECT TO THE STANDING ORDERS
RELATIVE TO PUBLIC BUSINESS
(2025 EDITION)**

JUNE 2026

SEANAD ÉIREANN
MODIFICATIONS IN EFFECT TO THE STANDING ORDERS
RELATIVE TO PUBLIC BUSINESS
(2025 EDITION)

JUNE 2026

<i>S.O. No.</i>	<i>Subject</i>	<i>Page No.</i>
87	Debating of Reports from Committees	3
111A	Committee on EU Scrutiny and Transparency	6

BUAN-ORDÚ 87 – DÍOSPÓIREACHT AR THUARASCÁLACHA Ó CHOISTÍ

STANDING ORDER 87 – DEBATING OF REPORTS FROM COMMITTEES

Date of modification: 12th May 2026.

Duration of modification: **Permanent**

Effect: Provides for discussion in the Seanad of reports issued by Committees from the Seanad directly preceding the current Seanad.

Go ndéanfar an Buan-Ordú seo a leanas a ghlacadh in ionad Bhuan-Ordú 87:

“87. (1) (a) Más rud é go ndéanfaidh Buan-Choiste, Roghchoiste, Coiste Speisialta nó Comhchoiste, de réir mar a bheidh, tuarascáil a thabhairt ina bhfuil iarraidh go ndéanfaidh an Seanad díospóireacht ar an tuarascáil, déanfar tairiscint go ndéanfaidh an Seanad an tuarascáil a thabhairt dá aire a chur ar Riar na hOibre a luaithis is indéanta tar éis don Choiste an tuarascáil a ghlacadh: Ar choinníoll go measfar aon tairiscint den sórt sin nach ndéanfar laistigh de thrí mhí ón dáta ar cuireadh ar Riar na hOibre i dtosach í a bheith tite ar lár, ach sin gan dochar do cheart comhaltaí an tairiscint sin a chur síos arís.

(b) Más rud é go ndearna Buan-Choiste, Roghchoiste, Coiste Speisialta nó Comhchoiste, de réir mar a bheidh, de chuid an tSeanaid a bhí ann díreach roimh an Seanad reatha, tuarascáil a thabhairt is tuarascáil a leagadh os comhair an tSeanaid, féadfaidh Seanadóir ar bith tairiscint a chur síos, faoi lámh Seanadóra mar thairgeoir agus Seanadóra eile mar chuiditheoir, go ndéanfaidh an Seanad an tuarascáil sin agus dul chun cinn maidir le cur i ngníomh na moltaí sa tuarascáil sin a thabhairt dá aire: Ar choinníoll go measfar aon tairiscint den sórt sin nach ndéanfar laistigh de thrí mhí ón dáta ar cuireadh ar Riar na hOibre i dtosach í a bheith tite ar lár, ach sin gan dochar do cheart comhaltaí an tairiscint sin a chur síos arís.

(2) Déanfaidh an Cathaoirleach tairiscint i gcomhair díospóireachta faoin mBuan-Ordú seo a roghnú as measc na dtairiscintí a chuirfear faoi bhráid an tSeanaid de réir mhír (1) nó (7).

(3) Féadfaidh Treoraí an Tí nó Seanadóir eile atá údaraithe ag Treoraí an Tí chun críche an

That the following Standing Order be adopted in substitution for Standing Order 87:

“87. (1) (a) Where a Standing, Select, Special or Joint Committee, as the case may be, makes a report containing a request that the report be debated by the Seanad, a motion to take note of the report shall, as soon as practicable after the adoption of the report by the Committee, be placed on the Order Paper: Provided that any such motion which is not moved within three months from the date on which it was first placed on the Order Paper shall be deemed to have lapsed but without prejudice to the right to put down such motion again.

(b) Where a Standing, Select, Special or Joint Committee, as the case may be, from the Seanad directly preceding the current Seanad made a report that was laid before the Seanad, any Senator may place a motion, signed by a Senator as proposer and another Senator as seconder, to take note of the report and progress on the implementation of the recommendations contained in the report: Provided that any such motion which is not moved within three months from the date on which it was first placed on the Order Paper shall be deemed to have lapsed but without prejudice to the right to put down such motion again.

(2) A motion for debate under this Standing Order shall be selected by the Cathaoirleach from among the motions submitted in accordance with paragraph (1) or (7).

(3) A motion referred to in paragraph (1)(a) may be moved by the Leader of the House or

Bhuan-Ordaithe seo tairiscint dá dtagraítear i mír (1) (a) a dhéanamh.

(4) (a) Más rud é nach ndéanfar tairiscint faoi mhír (1) (a) laistigh de thréimhse dhá mhí ón dáta ar cuireadh ar Riar na hOibre i dtosach í, féadfar tairiscint chomhchosúil a dhéanamh, faoi lámh Seanadóra mar thairgeoir agus Seanadóra eile mar chuiditheoir. Déileálfar le haon tairiscint den sórt sin mar thairiscint seachas tairiscint Rialtais ach amháin go mbeidh feidhm ag míreanna (5), (6) agus (7) den Bhuan-Ordú seo maidir léi.

(b) Déileálfar le haon tairiscint a dhéanfar faoi mhír (1)(b) mar thairiscint seachas tairiscint Rialtais.

(5) Féadfaidh Treoraí an Tí a mholadh, de réir Bhuan-Ordú 18, go bhféadfaidh Cathaoirleach Coiste atá ina chomhalta nó ina comhalta de Dháil Éireann nó comhalta eile den Choiste sin atá ina chomhalta nó ina comhalta de Dháil Éireann a bheidh ainmnithe ina ionad nó ina hionad labhairt ar an tairiscint.

(6) Mura n-ordaíonn an Seanad a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le díospóireacht ar thairiscint a dhéanfar faoi mhír 1(a) den Bhuan-Ordú seo:

(a) ní thabharfar thar dhá uair an chloig ar fad le haghaidh na díospóireachta ar thairiscint, agus ar bheith caite don thréimhse sin, mura mbeidh na himeachtaí ar an tairiscint críochnaithe roimhe sin, cuirfidh an Cathaoirleach láithreach an cheist nó na ceisteanna is gá chun iad a chríochnú;

(b) ní rachaidh óráid an tSeanadóra a rinne tairiscint thar cúig nóiméad; ní rachaidh óráid Cathaoirligh nó chomhalta de choiste a bheidh molta faoi mhír (5) nó ar Seanadóir é nó í thar 12 nóiméad; ní rachaidh óráid an Aire nó an Aire Stáit a bheidh i gceist thar chúig nóiméad déag, agus beidh an Seanadóir a rinne an tairiscint nó cibé Seanadóir eile, nach mbeidh labhartha cheana aige nó aici a údaróidh sé nó sí chuige sin, i dteideal cúig nóiméad le haghaidh óráid mar fhreagra: Ar choinníoll go bhféadfaidh an Seanadóir sin géilleadh don Chathaoirleach nó do chomhalta de

by another Senator authorised by the Leader of the House for the purpose of this Standing Order.

(4) (a) Where a motion proposed under paragraph (1)(a) is not moved within two months from the date on which it was first placed on the Order Paper a similar motion, signed by a Senator as proposer and another Senator as seconder, may be proposed. Any such motion shall be dealt with as a motion other than a Government motion save that paragraphs (5), (6) and (7) of this Standing Order shall apply to it.

(b) Any motion moved under paragraph (1)(b) shall be dealt with as a motion other than a Government motion.

(5) The Leader of the House may propose, in accordance with Standing Order 18, that the Chairperson of a Committee who is a member of Dáil Éireann or another member of that Committee who is a member of Dáil Éireann nominated in his or her stead may speak to the motion.

(6) Unless the Seanad otherwise orders, the following provisions shall apply to a debate on a motion proposed under paragraph 1(a) of this Standing Order:

(a) the time allowed for the debate on a motion shall not exceed a period of two hours in the aggregate and at the expiration of this period, if the proceedings on the motion have not previously concluded, the Cathaoirleach shall put forthwith the question or questions necessary to bring them to a conclusion;

(b) the speech of the Senator proposing a motion shall not exceed five minutes; the speech of a Chairperson or member of a Committee proposed under paragraph (5) or who is a Senator shall not exceed 12 minutes; the speech of the Minister or Minister of State concerned shall not exceed fifteen minutes and the Senator proposing, or such other Senator who has not already spoken as he or she may authorise in that behalf, shall be entitled to five minutes for a speech in reply: Provided that such Senator may give way to the Chairperson or member of a

choiste a bheidh molta faoi mhír (4); ní rachaidh óráid aon Seanadóra eile sa díospóireacht thar ocht nóiméad.

Committee proposed under paragraph (4); the speech of any other Senator in the course of the debate shall not exceed eight minutes.

(7) I gcás go mbeidh tairiscint faoi mhír (1)(a) go ndéanfaidh an Seanad tuarascáil a thabhairt dá aire rite, féadfar tairiscint a chur ar Riar na hOibre ar an gCoiste a bheidh i gceist dá iarraidh sin, is tairiscint go ndéanfaidh an Seanad dul chun cinn maidir le cur i ngníomh na moltaí sa tuarascáil sin a thabhairt dá aire. Féadfar aon tairiscint den sórt sin a dhéanamh i ndiaidh tréimhse sé mhí ón dáta a ritheadh an chéad tairiscint.”.

(7) Where a motion under paragraph (1)(a) to take note of a report has been carried, a motion to take note of progress on implementation of the recommendations contained in such report may be placed on the Order Paper at the request of the Committee concerned. Any such motion may be moved after the lapse of six months after the date on which the first motion was carried.”.

BUAN-ORDÚ 111A – ROGHCHOISTE AN tSEANAID UM GHRINNSCRÚDÚ AGUS TRÉDHEARCACHT AE A BHUNÚ

STANDING ORDER 111A – ESTABLISHMENT OF SEANAD SELECT COMMITTEE ON EU SCRUTINY AND TRANSPARENCY

Date of modification: 8th July, 2025.
15th October, 2025.

Duration of modification: **Permanent**

Effect: Provides for a Standing Committee on EU Scrutiny and Transparency.

Glactar leis seo an Buan-Ordú nua seo a leanas:

“**111A.** (1) Beidh arna bhunú, i ndiaidh aitionól an tSeanaid tar éis Olltoghcháin, Roghchoiste de Sheanad Éireann dá ngairfear Roghchoiste an tSeanaid um Ghrinnscrúdú agus Trédhearcacht AE (dá ngairtear “an Coiste” anseo ina dhiaidh seo sa Bhuan-Ordú seo).

(2)¹ Is iad a bheidh ar an gCoiste an Cathaoirleach, arb é nó í an Cathaoirleach é nó í, *ex officio*, agus deichniúr comhaltaí eile; agus triúr is córam don Choiste.

(3) Féadfaidh an Coiste scrúdú a dhéanamh ar an dréacht-Ionstraim Reachtúil a bheidh le síniú ag an Aire agus a bheidh déanta faoi alt 3 d’Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 maidir le Treoracha AE a thrasú.

(4) Féadfaidh an Coiste scrúdú agus grinnscrúdú a dhéanamh ar chur i ngníomh aon chomhaontú nó beartas de chuid AE, lena n-áirítear na clásail um chearta an duine a bheidh i gComhaontuithe Tradála AE.

(5) Beidh sé de chumhacht ag an gCoiste liosta de gach Treoir is gá a thrasú faoi alt 3 d’Acht na gComhphobal Eorpach, 1972, agus nótaí faisnéise roinne agus dréacht-Ionstraimí Reachtúla a bheidh le síniú ag an Aire, a fháil sé mhí ar a laghad roimh an spriocdháta do thrasú.

The following new Standing Order is hereby adopted:

“**111A.** (1) There shall stand established, following the reassembly of the Seanad subsequent to a General Election, a Select Committee of Seanad Éireann which shall be called the Seanad Select Committee on EU Scrutiny and Transparency (hereinafter referred to in this Standing Order as “the Committee”).

(2)¹ The Committee shall consist of the Cathaoirleach, who *ex officio* shall be Chair, and ten other members; and three shall constitute a quorum.

(3) The Committee may examine the draft Statutory Instrument due to be signed by the Minister being made under section 3 of the European Communities Act 1972 for the transposition of EU Directives.

(4) The Committee may examine and scrutinise the implementation of any EU agreement or policy, including the human rights clauses of EU Trade Agreements.

(5) The Committee shall have the power to receive a list of all Directives requiring transposition under section 3 of the European Communities Act 1972, and departmental information notes and draft Statutory Instruments due to be signed by the Minister at least six months in advance of the deadline for transposition.

¹ Mír nua in ionad mhír (2) arna cur isteach le Rún an 15ú October, 2025 ón Seanad.
Substituted paragraph (2) inserted by Resolution of the Seanad of 15th October, 2025.

(6) Beidh cumhacht ag an gCoiste chun a cheangal ar aon Roinn Rialtais nó údarás déanta ionstraimí lena mbaineann:

- (a) Meabhrán a chur faoi bhráid an Choiste lena míneofar aon ionstraim reachtúil a bheidh faoi bhreithniú;
- (b) freastal ar chruinniú den Choiste chun aon ionstraim reachtúil den sórt sin a mhíniú: Ar choinníoll go bhféadfaidh an Roinn nó an t-údarás sin diúltú freastal ar chúiseanna sonraithe arna dtabhairt i scríbhinn don Choiste, agus go bhféadfaidh an Coiste tuarascáil ina leith sin a thabhairt don Seanad;
- (c) Meabhrán a chur faoi bhráid an Choiste maidir le haon sárú a bhaineann le Treoir a thrasú, lena n-áirítear sárúithe is cúis le pionós airgeadais a fhorchur.

(7) Féadfaidh an Coiste a chinneadh nach dteastaíonn nótaí faisnéise roinne uaidh i leith earnálacha áirithe Treoracha.

(8) Beidh sé de chumhacht ag an gCoiste a cheangal ar an Aire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha freastal ar chruinniú den Choiste chun míniú a thabhairt ar aon dréacht-Ionstraim Reachtúil den sórt sin a bheidh le síniú ag Aire: Ar choinníoll go bhféadfaidh an tAire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha diúltú freastal ar chúiseanna sonraithe arna dtabhairt i scríbhinn don Roghchoiste, agus go bhféadfaidh an Roghchoiste tuarascáil ina leith sin a thabhairt don Seanad: Ar choinníoll thairis sin go bhféadfaidh Aire eile freastal ina ionad nó ina hionad.

(9) Beidh sé de chumhacht ag an gCoiste:

- (a) scrúdú a dhéanamh ar na nithe a fhearann ar aon Treoir a thrasú agus a chur i ngníomh le hionstraim reachtúil, nó a bhaineann leis an gcéanna,
- (b) grinnscrúdú a dhéanamh ar dhréacht-Treoracha agus tograí de chuid AE agus na tionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar Éirinn, go háirithe i ndáil le Creat Windsor,

(6) The Committee shall have power to require any Government Department or instrument-making authority concerned to:

- (a) submit a Memorandum to the Committee explaining any statutory instrument under consideration;
- (b) attend a meeting of the Committee for the purpose of explaining any such statutory instrument: Provided that such Department or authority may decline to attend for stated reasons given in writing to the Committee, which may report thereon to the Seanad;
- (c) submit a Memorandum on any infringement relating to the transposition of a Directive, including infringements giving rise to the imposition of a financial penalty.

(7) The Committee may determine that it does not require departmental information notes in respect of certain categories of Directives.

(8) The Committee shall have the power to require the Minister of State for European Affairs to attend a meeting of the Committee for the purpose of explaining any such draft Statutory Instrument due to be signed by a Minister: Provided that the Minister of State for European Affairs may decline to attend for stated reasons given in writing to the Select Committee, which may report thereon to the Seanad: Provided further that another Minister may attend in his/her stead.

(9) The Committee shall have the power to:

- (a) examine the matters affecting, or relating to, the transposition and implementation, by statutory instrument, of any Directive,
- (b) scrutinise draft Directives and proposals by the EU and the impacts they could have for Ireland, particularly in relation to the Windsor Framework, the island of

le hoileán na hÉireann, leis an Ríocht Aontaithe, le AE agus a bhallstáit, le Stáit Aontaithe Mheiriceá agus a stáit, le Ceanada agus a chúigí agus le náisiúin agus réigiúin eile de réir mar a mheasfaidh an Coiste is cuí; agus

Ireland, the United Kingdom, the EU and its member states, the United States of America and its states, Canada and its provinces and other nations and regions as the Committee deems appropriate; and

- (c) scrúdú a dhéanamh ar aon sárú a bhaineann le mainneachtain aon Treoir a thrasú, go hiomlán nó go páirteach, lena n-áirítear sárúithe is cúis le pionós airgeadais a fhorchur.

- (c) examine any infringement relating to the failure to transpose, in whole or in part, any Directive, including infringements giving rise to the imposition of a financial penalty.

(10) Beidh sé de chumhacht ag an gCoiste aon dréacht-Ionstraim Reachtúil a bheidh le síniú ag Aire agus doiciméid ghaolmhara, nó aon ní arna scrúdú faoi mhír (9), a tharchur chuig an gComhchoiste iomchuí agus a mholadh don Choiste sin go ndéanfaí an Ionstraim Reachtúil atá beartaithe nó an ní a scrúdaíodh a ghrinnscrúdú tuilleadh.

(10) The Committee shall have the power to refer any draft Statutory Instrument due to be signed by a Minister and associated documents, or any matter examined under paragraph (9), to the relevant Joint Committee and to recommend to that Committee that the proposed Statutory Instrument or matter examined be further scrutinised.

(11) Maidir le cumhachtaí agus feidhmeanna an Choiste, is chun críocha a chumhachtaí faoi mhír (10) a fheidhmiú a thugtar dó iad.

(11) The powers and functions of the Committee are conferred upon it for the purposes of exercising its powers under paragraph (10).

(12) Ní bheidh feidhm ag mír (2) de Bhuan-Ordú 86 maidir leis an gCoiste.

(12) Paragraph (2) of Standing Order 86 shall not apply to the Committee.

(13) Ní bheidh feidhm ag mír (2) de Bhuan-Ordú 93 maidir leis an gCoiste.

(13) Paragraph (2) of Standing Order 93 shall not apply to the Committee.

(14) Beidh sé de chumhacht ag an gCoiste tabhairt faoi thaisteal, ar choinníoll go mbeidh an chumhacht faoin mír seo faoi réir cibé moltaí a dhéanfaidh an Gasra Oibre de Chathaoirligh Coistí faoi Bhuan-Ordú 118(5)(a).".

(14) The Committee shall have the power to undertake travel, provided that the power under this paragraph is subject to such recommendations as may be made by the Working Group of Committee Cathaoirligh under Standing Order 118(5)(a).".